

An Bord Iniúchóireachta

Cruinniú an 16 Deireadh Fómhair 2020 – miontuairiscí

I láthair: Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Patricia Sheehan, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird

1. Glacadh leis an gclár oibre

Rinneadh an dréachtchlár oibre a leasú chun an ráiteas straitéise a chur leis mar mhír ar an gclár oibre faoi aon ghnó eile. Thug rúnaí an bhoird faoi deara nach mbeadh an léiriú ar an bhfeidhmiúlacht tuairiscithe faoi mhír 8 den chlár oibre ag dul ar aghaidh ar chúiseanna TFC. Tugadh na hathruithe ar an gclár oibre faoi deara agus glacadh leo.

2. Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara

Níor tuairiscíodh aon choinbhleachtaí leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe agus na nithe a d'éirigh as

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 16 Iúil 2020, faoi réir roinnt athruithe beaga.

4. Rioscaí atá ag teacht chun cinn

Níor thug an bord aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi deara.

5. An t-eolas is deireanaí ar thionchar Covid-19

Thug an bord faoi deara an t-eolas is deireanaí ar an bplean freagartha maidir le sláinte agus sábháilteacht na foirne ar obair iniúchóireachta ag láithreáin cliant. Atheisíodh é an 8 Deireadh Fómhair chomh maith leis an nóta teorach teicniúil.

Ó thaobh na folláine de, tá an suirbhé Pulse a bhaineann le Covid-19 curtha ar sos chomh fada agus atá an 'Suirbhé ar Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse' agus rothlú bliantúil na foirne ar siúl. Beidh gá le comhdháil bhliantúil na hOifige a thionól go cianda ar líne go luath sa bhliain 2021. Rinne an bord breithniú freisin ar na saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn don fhoireann má thagann méadú ar an leibhéal náisiúnta creata a bhfuil tionchar ar theaghlach aige, e.g., baill foirne atá ina gcónaí ina n-aonar, nó má dhúntar na scoileanna, etc.

Rinne an bord treoirlinnte breise a sholáthar do na baill foirne siúd a bhféadfadh go mbeadh orthu dul ar obair iniúchóireachta ar an láthair chuig áitreabh cliant, agus thug sé faoi deara go bhfuil an seicliosta rioscaí i bhfeidhm agus ar fáil don fhoireann ar fad ar an inlín. Ní mór don Leas-Stiúrthóir líne an seicliosta sin a cheadú sula ndéanfar aon taisteal atá beartaithe chuig áitreabh cliant. Thug an bord faoi deara go mb'fhéidir nach mbeadh láithreachas ar áitribh cliant iniúchóireachta ag teastáil go sonrach le haghaidh iniúchóireacht airgeadais ach, ina ionad sin, go bhfuil sí ag teastáil i gcás gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis níos íogaire nach féidir nó nár cheart a chur ar fáil go leictreonach. I gcás nach féidir le cliant iniúchóireachta an fhianaise riachtanach a chur ar fáil, is féidir an raon feidhme a theorannú i gcónaí. Go ginearálta, ní dhéanann an fhoireann aon tuairisc de ghnáth ar fhadhbanna a bhaineann le hiniúchadh a dhéanamh ar an láthair agus tá cuid acu sásta a leithéid a dhéanamh ar mhaithe leis an

éifeachtúlacht. Bhí moill ar rochtain a fháil ar pháipéir oibre na ngnólachtaí iniúcháireachta príobháideacha le haghaidh iniúchtaí ollscoileanna. Tá cur síos déanta sa pháipéar léargais iniúcháireachta maidir leis na rioscaí nua sin, rud a athraíodh chun dáta ar an suíomh Gréasáin freisin.

6. Gníomhartha an bhoird iniúcháireachta (páipéar A)

Thug an bord faoi deara gur athraíodh chun dáta liosta gníomhartha an bhoird iniúcháireachta maidir leis na gníomhartha a tharla ó mhí Iúil 2020 i leith agus gur tugadh roinnt de na gníomhartha sin chun críche.

7. An clár tuairiscithe (páipéar B)

Thug an bord faoi deara an páipéar ar an gclár tuairiscithe agus go scrúdódh an Oifig struchtúr reatha na dtuarascálacha speisialta d'fhonn cruth agus minicíocht na dtorthaí a athrú chun dáta.

8. An clár iniúcháireachta airgeadais (páipéar C)

Thug an bord faoi deara an tuarascáil feidhmíochta iniúcháireachta ach d'iarr sé go gcuirfí uirlis gníomhaíochta druileála in ionad an pháipéir agus go raibh bord iniúcháireachta dírithe ar a raibh ar na bacáin. Measadh go mbeadh an líon cuntas neamhdheimhnithe níos airde ná mar a bhí sé sna blianta roimhe ach nach suntasach an méadú a bheadh ann. Thug an bord iniúcháireachta faoi deara go raibh roinnt iniúchtaí fós ar siúl, agus mhol sé an leibhéal an tionscnaíochta agus díograise a léirigh an fhoireann chun a oiread iniúchtaí agus is féidir a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana.

9. Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar D)

Thug an Bord faoi deara na hiniúchtaí nua orthu seo:

- An Coimisiún um Chosaint Sonraí (mar vóta, iniúchadh ar chomhlacht leathstáit roimhe seo)
- Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais
- An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

10. Réamhchlár oibre an bhoird iniúcháireachta (páipéar E)

Chomhaontaigh an bord iniúcháireachta an páipéar ar an réamhchlár oibre mar a cuireadh i láthair é.

11. Aon ghnó eile

Thug rúnaí an bhoird an t-eolas is deireanaí don bhord maidir leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh ag Crowe, na sainchomhairleoirí a fostaíodh chun cabhrú leis an Oifig sa ráiteas straitéise 2021 – 2025 a fhorbairt, ó chruinniú deireanach an bhoird i mí Iúil i leith. Ba é an teagmhas ba shuntasáí ná gur i mí Mheán Fómhair agus go luath i mí Dheireadh Fómhair a soláthraíodh sraith ceardlann foirne inar lorgaíodh ionchuir isteach sa straitéis.

Bhí Crowe i mbun anois anailís agus tarraingt le chéile a dhéanamh ar na fionnachtana agus na tuairimí ón bpróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí seachtracha agus ar na moltaí ón athbhreithniú piaraí, agus chuirfeadh siad na tosaíochtaí straitéiseacha tiomsaithe, na príomhdhúshláin agus na hathruithe sa timpeallacht sheachtrach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an straitéis a chur i láthair. Beidh an páipéar sin mar bhonn leis an doiciméad beartais straitéisigh.

Déanfar dátaí le haghaidh cruinnithe sceidealta boird don bhliain 2021 a chomhaontú trí scaipeadh tar éis an chruinnithe.